Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12489/24**

**COEST 470**
**VISA 124**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 10198/24 + COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tús a chur le hidirphlé leis an Airméin i ndáil le léirscaoileadh víosaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tús a chur le hidirphlé leis an Airméin i ndáil le léirscaoileadh víosaí, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4043ú cruinniú a bhí aici an 22 Iúil 2024.

Conclúidí ón gComhairle

Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún idirphlé leis an Airméin a sheoladh i ndáil le léirscaoileadh víosaí agus an Chomhairle agus na Ballstáit a chomhlachú go hiomlán le gach céim den idirphlé, lena n-áirítear sainiú agus measúnú na dtagarmharcanna. Ní dhéanfar an fhéidearthacht deireadh a chur leis na hoibleagáidí víosa do shaoránaigh na hAirméine a mheas ach amháin ar chomhlíonadh iomlán na dtagarmharcanna.